

## Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

### Dearbhú Reachtúil

[alt 21(1)(b) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001]

Déanaimse, (ainm) ....., a dhearbhú go sollúnta agus go macánta, gurb amhlaidh, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil mé ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a shonraítear in alt 25(1) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 (de réir \* thíos) agus nach gcoisceann aon ní in alt 25(2) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 (de réir \*\* thíos) deimhniú imréitigh cánach a eisiúint chugam agus déanaimse an dearbhú sollúnta seo á chreidiúint go coinsiasach é a bheith fíor agus de bhua an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Sínithe .....

Arna dhearbhú i m'fhianaise (*ainm an fhinné i gceannlitreacha*) ....., [nótaire poiblí] [coimisinéir mionn] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach] ....., ag (*ainm an duine ag déanamh an dearbhú*) ..... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi, **nó**

a chuir ..... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi, in aithne dom, **nó**  
ar suíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dom

- pas uimh.. .... arna eisiúint ..... ag údarás (*an stat a d'eisigh*) ....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, **nó**,
- carta aitheantais náisiúnta uimh. .... arna eisiúint (*an dáta eisiúna*) ..... ag údarás (*an stat a d'eisigh*) ....., ar Ballstát de chuid AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE é, **nó**,
- Pas Eachtrannach uimh. .... arna eisiúint (*an dáta eisiúna*) ..... ag údarás (*an stat a d'eisigh*) ....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann, **nó**,
- doiciméad taistil dídeanaí uimh. .... arna eisiúint (*an dáta eisiúna*) ..... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, **nó**,
- doiciméad taistil uimh. (seachas doiciméad taistil dídeanaí) arna eisiúint (*an dáta eisiúna*) ..... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais

ag (*áit an tsínithe*) .....

an ..... lá seo de ....., ..... (*datá*)

Sínithe ..... (*síniú an fhinné*)

\*Alt 25(1) - Faoi réir fhobálacha an ailt seo, más rud é, maidir le duine atá ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar an duine leis na hAchtanna (rud a chialláonn na hAchtanna Cánoch; an tAcht um Cháin Fháltas Caipitiúil 1976, agus na hachtacháin lena leasaítéar an tAcht sin; na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, an tAcht Cánoch Breisluacha 1972, agus na hachtacháin lena leasaítéar nó lena leathnaítear an tAcht sin ) i ndáil leis an méid seo a leanas –

(a) íoc nó tarchur aon chánacha, úis nó pionós a cheanglaítear a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim, nó a tharchur chucu, faoi na hAchtanna, agus

(b) seachadadh aon tuairisceán a cheanglaítear a dhéanamh faoi na hAchtanna ,

go ndéanfaidh sé nó sí iarratas chuig an Ard-Bhailitheoir i cibé foirm a chinnfudh na Coimisinéirí Ioncaim chuige sin chun críocha alt 23 ..., déanfaidh an tArd-Bhailitheoir deimhniú (dá ngairtear “deimhniú imréitigh cánach san Acht seo) a eisiúint chuig an duine á rá go bhfuil an duine, tráth eisiúna an deimhnithe, ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin.

\*\* Alt 25(2) - Ní eiseofar deimhniú imréitigh cánach chuig duine mura rud é-

(a) go bhfuil an duine, agus

(b) i gcás ina bhfuil, nó ina raibh, an duine ina chomhalta nó ina comhalta de chomhpháirtíocht, i leith thréimbse chomhaltais an duine, go bhfuil an chomhpháirtíocht,

ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear ar an duine agus ar an gcomhpháirtíocht leis na hAchtanna i ndáil leis na nithe a shonraítear i míreanna (a) agus (b) d'alt 25(1)(thuas).

[Má chiontaítear duine i leith dearbhú reachtíuil atá bréagach a dhéanamh is féidir sineáil suas go €3,000 agus/ nó téarma príosúnachta suas go 6 mbí a chur air nó uirthi.]